Ní chluinim guth Filib fós

[Carney, James: *Poems on the O’Reillys*, Dublin, 1950, poem 15]

Donnchadh Caoch Ó hUiginn .cc.

1 Ní chluinim guth Filib fós,
roibheag a ghuth, mór a chlú;
ní theasda de acht a ghuth
ge a-táid cách ag dul ar ccúl.

2 Do-chluinim guth cáigh a bhfad uaim
’s ní chluinim guth ón tsuairc shlán:
iongnadh is Filib am ucht
’s nach cluinim a ghuth go bráth.

3 In tráth nach bhfuil Pilib tinn
[sgél nach misde linn dá dtí]
fear gan chlaochlódh ar a chruth,
ní chluinim a ghuth go mín.

4 Beag a ghuth ge mór a neart,
ní dhénann sé cnead ná uch;
gé hiomdha dámha ’na dhiaidh
ní chluinionn a liaigh a ghuth.

5 Innsim díbh, gé holc libh é,
dá dtí Filib fein ón bhás,
dá dtuga Dia dó gan dul,
go mbia sé gan ghuth go bráth.

6 In Pilib-si na ccuach lán
fá mbíd gáirthe dámh is duas,
a ndénann sé d’ól nach tur
créd nach béradh a ghuth uadh?

7 A bhfiabhrus fhada nó ghearr
in Pilib-si ceann na ccliar,
dá gcodladh ó ló go ló,
nír thóg an guth ceann dó riamh.

8 Beag do chách dá thinneas téid,
Pilib mo leannán séimh saor;
rugadh a ghuth uadh go moch,
guidheadh sé Dia ’s a chroch naomh.

9 A gcuan einigh tromdhámh dtrom
Pilib an long re gach lucht;
Pilib caomh na gcéimeann mór,

trí dheich mbliadhna dó gan ghuth.

10 Ó mhac Aodha nár ér scol,
Pilib sgaoilteach na sgor séimh,
guth go hísiol nó go hard
ní chluinim a n-am fón ngréin.

11 Sagart Pilib, athair rúin,
siad rér sgélaibh dúinn is bun
ní chreidim ó [a] liaigh a theacht,
ní chluineann a bhean a ghuth.

12 Fuarus uirsgél arsaidh óg
nach sgél fáibhle fós más fíor
ar trí mnáibh go modhaibh ban,
mná re muintir gach meic ríogh.

13 Mná séimhe síothamhla súd,
mná sgaoilios a rún gan cheilt;
fada Filib ina n-ucht,
na mná do bhean a ghuth de.

14 Ós dár bhfiachaibh sgaoileadh sgél
[uasol gach bés is bés dóibh]
nochtfad anmanna na mban
do mhac Aodha na n-as n-óir.

15 Uaisle cáich an chéidhbean díobh
ag Pilib dá dhíon ar ghuth;
in bhean-soin nár eitigh cliar,
tug sí dó ciall agus cruth.

16 Eagna díobh in dara bean,
bean nach beirionn acht breath chóir
do mhnáibh Pilib iad ar-aon,
na mnái-sin is gaol don óigh.

17 Aithne gan aonlocht fón ngréin
in treas bean gan bhéim go bráth;
ag aifrionn cliar Cláir Dá-thí
do phós Pilib na trí mná.

18 Na mná do-chíthear gan chiaigh,
is iad ’na dhiaidh tar gach aon,
do loc siad do Philib sgur,
mná lér beanadh a ghuth d’Áodh.

19 Na mná-sa is uaisle fon ngréin,
téid siad fóna réir don dáimh;

sguirim do sgélaibh na mban,
tuilltear le Pilib bladh dáibh.

20 Toil mhaith agus modha ríogh
ag Pilib, más fhíor don iúl,
an bhean-soin ag Pilib riamh,
fearr í iná iad ’na dtriúr.

21 Gean go bhfuilim diomdhach de,
gé maith leam a bheith gan bhéim,
ge buidheach misi dá riar,
nár thuga Dia guth do féin.

22 Nó go rabhaid subha searbh,
nó go ndeacha dearg ar dubh,
no go rabhaid na fiaich bán,
biaidh Pilib go bráth gan ghuth.

23 Inghean Airt na síothbhrat sróill
fuair céile cóir fána coim;
do-chuaidh Róise leis gan ghul,
fear táinig gan ghuth as broinn.

24 Ar ndol fán gcoill d’iarraidh subh,
ní fa ghuth do-chuaidh sí,
tarla Filib dí a-réir,
ón chinneadh ní théid gach ní.

25 Mo shaoradh ar ifrionn fhuar
[méd ar n-uilc an-uas do-chí]
go dtí sin do ghrásaibh Dé
mur do chruthaigh Sé gach ní.